



Fógra Poist

Comhordaitheoir sna hEalaíon Dúchasacha don Óige

(Post ar chonradh 3 bliana)

Tá Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta Teo. ag comhoibriú leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) leis an bheart i bPlean Gníomhaíochta 2018-2022, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge chun tacú le forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht agus cur chun cinn an phróisis pleanála teanga a chur i bhfeidhm. Chuige sin, tá Ealaín (na Gaeltachta) Teo. ag fógairt post mar Comhordaitheoir sna hEalaíon Dúchasacha don Óige.

Sa chás seo is ionann na healaíona dúchasacha agus na rudaí seo leanas: ceol uirlise, amhránaíocht Ghaeilge, na healaíona béil (agallamh beirte, lúibíní, scéalaíocht) agus damhsa. Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aici/aige i réimse na forbartha agus oiliúna sna healaíon dúchasacha nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Líofacht Gaeilge labhartha agus cruinneas Gaeilge scríofa
- Saineolas i gcúrsaí forbartha agus oiliúna i réimse na n-ealaíon dúchasacha
- Ard chumas eagrúcháin, riaracháin agus i mbainistiú tograí.
- Tuiscint ar chuntasaíocht / leabharchoimeád.
- Eolas ar chomhthéacs agus polasaithe do na healaíona in Éirinn.
- Sársceileanna cumarsáide agus ríomhaireachta

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard- Oifig Údarás na Gaeltachta i nGaillimh ach dá bharr go bhfuil cúram don Ghaeltacht ina iomláine i gceist beidh spás oibre sealadach curtha ar fáil don té a cheapfar in oifigí réigiúnach an Údaráis chomh maith.

Beidh an conradh ar feadh treimhse 3 bliana agus íocfar scála tuarastail idir €48,000 agus €56,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus taithí.

Beidh taistil i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Seol iarratas mar aon le CV, chuig:

Feidhmeannach Forbartha na nEalaíon, Údarás na Gaeltachta, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
roimh 4.00 i.n ar an Luan 5 Samhain 2018

Ta breis eolais agus sonraí poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh.

Teil: (074) 95 60100 nó R-phost: ealain@udaras.ie



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



Údarás na Gaeltachta